
# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe
## Ráiteas Tionchair Natura

N6 Galway City Transport Project

## Imleabhar 1
Achoimre Feidhmiúcháin

Meán Fómhair 2018







An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department Transport, Tourism and Sport

TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

ARUP

# Imbleabhar

Imleabhar 1 – Achoimre Feidhmiúcháin

Imleabhar 2 – Ráiteas Tionchair Natura

Imleabhar 3 – Fíoracha

Imleabhar 4 – Aguisíní

# Contents


1. Réamhrá 4
2. Forbhreathnú ar an bhForbairt Bhóthair atá beartaithe 4
3. Comhairliúcháin 6
4. Modheolaíocht 7
5. An Bhunlíne atá ann faoi Láthair 7
   - 5.1 Bunlíne Éiceolaíoch 7
   - 5.2 An Bhonnlíne Hidrigeolaíochta 8
   - 5.3 An Bhonnlíne Hidreolaíochta 9
6. Láithreáin Eorpacha laistigh de Chrios Tionchar na Forbartha Bóthair atá beartaithe 10
7. Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha ar cSAC Loch Coirib 11
   - 7.1 An Bhonnlíne 11
   - 7.2 Tionchair Fhéideartha 12
   - 7.3 Bearta Maolaithe 13
   - 7.4 Tionchair Iarmharacha agus Conclúid 13
8. Ní théann an fhorbairt bóthair atá Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha ar cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe 14
   - 8.1 An Bhonnlíne 14
   - 8.2 Tionchair Fhéideartha 14
   - 8.3 Bearta Maolaithe 15
   - 8.4 Tionchair Iarmharacha agus Conclúid 15
9. Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha ar SPA Loch Coirib 16
   - 9.1 An Bhonnlíne 16
   - 9.2 Tionchair Fhéideartha 16
   - 9.3 Bearta Maolaithe 17
   - 9.4 Tionchair Iarmharacha agus Conclúid 17
10. Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha ar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh 18
    - 10.1 An Bhonnlíne 18
    - 10.2 Tionchair Fhéideartha 18
    - 10.3 Bearta Maolaithe 19
    - 10.4 Tionchair Iarmharacha agus Conclúid 19
11. Cumas maidir le hÉifeachtaí Comhcheangailte 20
12. Conclúid an NIS 20

# 1 Réamhrá

Thar a cheann féin agus thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe forbairt a dhéanamh ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR), dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar an fhorbairt bheartaithe bóthair.

Ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura (NIS) de réir na bhforálacha reachtúla atá ann faoi láthair agus ag féachaint do threoir an chleachtais is fearr le linn NIS a ullmhú. Rinneadh measúnú san NIS ar na tionchair a bheadh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, aisti féin nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, ar shuíomhanna Eorpacha i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe na suíomhanna sin agus rinneadh measúnú ansin le féachaint an mbeadh drochthionchar aici ar shláine na suíomhanna Eorpacha sin.


Tugtar forbhreathnú san achoimre feidhmiúcháin seo ar mheasúnú agus ar thorthaí a cuireadh i láthair i dtuarascáil an NIS agus leanann sé an leagan amach céanna sna **Reanna** ó **Roinn 1** go **Roinn 4** ina dtugtar forbhreathnú ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, na comhairliúcháin a rinneadh agus an mhodheolaíocht a leanadh sa mheasúnú. Tugtar na bonnlínte éiceolaíocha, hidrigeolaíocha agus hidreolaíocha i **Roinn 5** (mar a bhaineann siad leis na suíomhanna Eorpacha áitiúla), aithnítear i **Roinn 6** na suíomhanna Eorpacha a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu agus tugtar measúnú sna **Ranna ó 7** go **10** i dtaobh an mbeidh drochthionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine láithreáin na suíomhanna Eorpacha sin, agus pléitear gach ceann acu i ndiaidh a chéile. Cuirtear achoimre ar mheasúnú na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile i **Roinn 11** agus an toradh foriomlán i **Roinn 12.**

# 2 Forbhreathnú ar an bhForbairt Bhóthair atá beartaithe

Cuimsíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair tógáil tuairim is 6km de charrbhealach aonair ón taobh thiar de Bhearna chomh fada le Bóthar Bhaile an Mhóinín agus tuairim is 12km de charrbhealach dúbailte uaidh sin go dtí an nasc thoir leis an N6 atá ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise, chomh maith le nascbhóithre gaolmhara, taobh-bhóithre, acomhail agus déanmhais mar aon le hoibreacha anseo is ansiúd ar an líonra dáilte agus tarchurtha leictreachais atá ann (a chuimseoidh go sonrach aistriú na seirbhísí 110kV agus 38kV).

Is é [1]280ha achar an limistéir iomláin a bheidh laistigh de theorainn na forbartha beartaithe. Den achar iomlán sin beidh 180ha laistigh de lorg na forbartha beartaithe bóthair. Déantar cur síos iomlán ar an bhforbairt bóthair molta i **Roinn 2** den príomh-NIS agus ar Phláta 1 thíos agus sna **Figiúir** ó **1.1** go **1.15**.

Tá timpeallán de réir gráid bheartaite ar an R336 Bhóthar an Chósta agus ar Bhóthar Bhearna go Maigh Cuilinn, acomhal mar aon le comharthaí de réir gráid ag Bóthar na Ceapaí agus Bóthar Bhaile An Mhóinín agus acomhail ghráid ar leithligh don N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn (lena n-áirítear nascbhóthar





**Pláta 1**: Forléargas ar an bhForbairt Bheartaithe Bóthair

[1]Is éard a thugtar ar mhéid na dtailte a shealbhófar go héigeantach le haghaidh tógáil agus oibriú na forbartha beartaithe bóthair ná teorainn na forbartha atá beartaithe.

ón acomhal ó thuaidh go dtí an N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn agus ó dheas go limistéar Chnoc na Cathrach), an N84 Bóthar Áth Cinn agus an N83 Bóthar Thuama agus acomhal saorshreafa leis an nasc don N6 atá ann faoi láthair ag Cúl Each, Chnoc Mhaoil Drise.

Tá ceithre struchtúr shuntasacha san áireamh i ndearadh na forbartha bóthair atá beartaithe, is iad sin Droichead Abhainn na Gaillimhe a shínfidh thar Champas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus an abhainn féin, tarbhealach Mhionlaigh a shínfidh thar réimse de ghnáthóg Iarscríbhinn I lasmuigh d'aon láithreán Eorpach, Tollán Leacaigh a rachaidh faoi bhun Limistéar Caomhnaithe Speisialta féideartha (cSAC) Loch Coirib ag Cúil Locha agus ag Mionlach, agus Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe ó thuaidh den rásraon. Chun na tionchair a mhaolú ar na páirceanna imeartha atá ann cheana féin ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag An Daingean moltar freisin go dtógfar páirc imeartha lánmhéide uile-aimsire CLG agus páirc oiliúna san áit a bhfuil páirceanna CLG faoi láthair taobh le hAbhann na Gaillimhe. Tá tailte breise ó thuaidh de Chaisleán Mhionlaigh curtha san áireamh mar chuid den fhorbairt bheartaithe bóthair le tailte a chur ar fáil ar mhaithe le feabhas a chur ar phríomhghnáthóg sealgaireachta don chrú-ialtóg bheag a bhfuil sé deimhnithe suíomh fara a bheith acu ag Caisleán Mhionlaigh agus maolú a dhéanamh i gcoinne tionchair féideartha ar an speiceas seo. Cuirfear fálta sceach bhreise ar na tailte seo agus déanfaidh an t-údarás áitiúil cothabháil orthu mar thailte talmhaíochta agus beidh na tailte seo faoi úinéireacht an údaráis áitiúil. Beidh foirgneamh cothabhála tolláin suite in aice le Tollán Leacaigh agus ceann eile in aice le Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe. Áireofar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe plandáil fhairsing tírdhreacha agus cruthú limistéir ghnáthóg Forscríbhinn I[2] (mar shampla, gnáthóg féarach cailcreach laistigh de cSAC Loch Coirib ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe). Cuirfear bacainní torainn ar fáil freisin in áiteanna ar feadh na forbartha bóthair atá beartaithe.

Tá go leor suíomhanna Eorpacha sna ceantair áitiúla agus sna ceantair mórthimpeall. Is é cSAC Loch Coirib an t-aon láithreán Eorpach a bheidh á thrasnú ag an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tá cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh thíos an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Cé go bhfuil SPA Loch Coiribe tríd is tríd ar an taobh thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe, beidh sruth draenála amháin (an sruth draenála atá beartaithe do bhóthar Ceangail Thuaidh an N59) ag silleadh isteach in Abhainn na Gaillimhe a thagann laistigh de sháinniú an SPA.  Tá gach láithreán Eorpach eile níos faide ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Forluíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus a theorainn ar cSAC Loch Coirib ag ceithre shuíomh, eadhon, gluaiseann sé tríd nó taobh leis ag na ceithre áit seo a leanas: ag deireadh an tsrutha draenála atá beartaithe ó Nasc Bóthar Thuaidh an N59 ag Baile an Cheantaigh; ar shuíomh Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe idir Daingean agus Mionlach; siar ó Lochanna Chúil Each (Ch. 9+850 to Ch. 10+100); agus, siar agus ó thuaidh de Choiréal Leacaigh, áit a mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe comhdhéanta de thollán (Tollán Leacaigh) agus bonneagar bóthair isteach. Déan tagairt do **Phláta 2** thíos agus do **Roinn 2** an phríomh-NIS le haghaidh plátaí de na suíomhanna seo.




**Pláta 2**: Forluí na Forbartha Beartaithe Bóthair ar Shuíomhanna Eorpacha

[2]Is éard atá i gceist le cruthú gnáthóg Iarscríbhinn I ná dul i ngleic le tionchair iarmharacha ar ghnáthóga Iarscríbhinn I lasmuigh d'aon láithreán Eorpach sa Tuarascáil MTC. Ní freagra é ar aon tionchair ar ghnáthóga Iarscríbhinn I a bhaineann le héifeachtaí ar QIanna ná le cuspóirí caomhnaithe aon láithreáin Eorpaigh ar bhealach ar bith agus ní ionann é agus "beart cúitimh" de réir bhrí an téarma sin in Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga.

Den 280ha talún laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, tá timpeall 4.0ha den fhorbairt bóthair atá beartaithe laistigh de cSAC Loch Coirib (thart faoi 0.6ha os cionn Tollán Leacaigh agus thart faoi 0.5ha faoi Dhroichead na Coiribe). Trasnaíonn an fhorbairt bhóthair atá beartaithe roinnt dobharlach screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga bogaigh laistigh de shuíomhanna Eorpacha atá ag braith ar screamhuisce agus trasnaíonn an fhorbairt bheartaithe roinnt sruthchúrsaí atá laistigh de shuíomh Eorpach nó sileann uisce uathu isteach i suíomh Eorpach.

Ar an taobh thiar den N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn, sceithfidh an córas draenála chuig sruthchúrsaí a dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair iad nó atá tadhlach leis an bhforbairt bheartaithe bóthair agus a shilfidh sa deireadh thiar isteach i gCuan na Gaillimhe atá laistigh de cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus Limistéar um Chosaint Speisialta (SPA) Chuan na Gaillimhe Laistigh, nó isteach in Abhainn na Gaillimhe, go díreach nó chuig craobh-abhainn a shileann isteach inti, atá laistigh de cSAC Loch Coirib. Ar an taobh thoir den N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn, déanfar córas draenála a bheidh séalaithe go hiomlán a scaoileadh go ginearálta ar an talamh trí insíothlú ach amháin i gcás cúig líonra draenála a shilfidh go díreach nó go hindíreach isteach in Abhainn na Gaillimhe. Bainfear úsáid as córas séalaithe leithlisithe ar leithligh do struchtúir Thollán Leacaigh agus Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe a dhéanfar an t-uisce uathu a phumpáil chuig Gléasra Cóireála Fuíolluisce Inis Caorach lena chóireáil, trí líonra an tséaraigh bhréin atá ann faoi láthair. Cuirfear tanú ar fáil ag pointí éalaithe agus sceite chun na rátaí sreafa atá ann cheana a choinneáil i sruthchúrsaí glactha. Tá imchuacha insíothlúcháin tomhaiste le dóthain ama a thabhairt d'insíothlúchán sceitheadh chun talún. Cuirfear bearta rialaithe truaillithe (m.sh. idircheapóirí peitril agus ola, limistéir coimeádta doirte agus bogaigh) ar na príomhlíonraí draenála bóthair go léir sula sileann siad amach/sula scaoiltear amach iad lena chinntiú go gcoimeádtar an cháilíocht uisce sna sruthchúrsaí glachtha. Féach Cuid 2.4 den príomh-NIS le haghaidh tuilleadh sonraí.

I measc na ngníomhaíochtaí tógála a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tá oibreacha cumasúcháin, oibreacha ullmhúcháin agus imréitigh láithreán, fálú, príomhthógáil (m.sh. oibreacha bóthair, draenáil, struchtúir, tolláin, bleaisteáil agus oibreacha cóiríochta), foinsiú agus iompar ábhar, atreorú seirbhísí agus fóntas, coimisiúnú agus díchoimisiúnú na forbartha bóthair atá beartaithe. Féach Cuid 2.5 den príomh-NIS le haghaidh tuilleadh sonraí.

Chuaigh an dearadh ar aghaidh i gcomhar le staidéir thimpeallachta ar tugadh fúthu chun eolas a chur ar fáil do shonraí bonnlíne chomhshaoil agus le heolas a chur ar fáil don dearadh chun na tionchair ar an gcomhshaol glactha a íoslaghdú. Dá réir sin, tá bearta tábhachtacha san áireamh i ndearadh na forbartha bóthair atá beartaithe chun tionchair ar shuíomhanna Eorpacha a sheachaint nó a laghdú, féach Alt 2.6 den phríomh-NIS le haghaidh tuilleadh sonraí.

Déanfar an fhorbairt bheartaithe bóthair agus na heilimintí ar fad, lena n-áirítear an draenáil, a chothabháil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfeidhmíonn na heilimintí go léir de réir na dearthóireachta a bhaineann leo agus na caighdeáin riachtanacha a bhaint amach.

# 3 Comhairliúcháin

Tionóil an fhoireann tionscadal sé chruinniú le rannóg na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) den Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta roimhe seo agus roimhe sin arís an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta) idir 2014 agus 2017. Go hachomair, bhí na díospóireachtaí leis an SPNF fadréimseach a chlúdaigh ceanglais agus próiseas ginearálta maidir le scóipeáil agus le hullmhú Tuarascáil EIA agus an NIS, suirbhéanna bonnlíne agus torthaí éiceolaíochta, luacháil gabhdóirí éiceolaíochta, maolú, measúnú tionchair, cuspóirí caomhnaithe, ceadúnais maolaithe, tacú le pleananna úsáide talún agus straitéisí iompair agus teorainn cSAC Loch Coirib agus Leasanna Cáilitheachta na speiceas agus na ngnáthóg atá ann.

Tionóladh dhá chruinniú comhairliúcháin (i mí Lúnasa 2014, agus i mí Mheán Fómhair 2016) le hIascaigh Intíre Éireann (IFI) chun luach iascaigh na n-uiscechúrsaí a rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe tharstu agus chun dearadh agus tógáil bóthair/lintéir a phlé.



# 4 Modheolaíocht

Tá mionsonraí iomlána ar an mhodheolaíocht leagtha amach i gCuid 4 den NIS mar aon le hachoimre ghearr ar na heilimintí deisce agus suirbhé atá curtha ar fáil anseo.

Rinneadh staidéar deisce maidir le hullmhú an NIS chun bonn eolais a sholáthar don mheasúnú mar aon le torthaí na suirbhéanna allamuigh a rinneadh.

Rinneadh raon cuimsitheach suirbhéanna éiceolaíocha bunlíne idir 2013 agus 2018 a chuir faisnéis ar fáil don mheasúnú seo: suirbhéanna ar ghnáthóga (lena n-áirítear suirbhéanna ar ghnáthóga uisceacha), suirbhéanna ar an tSíofróg uisce Najas flexilis agus ar an gCaonach crúcach snasta Drepanocladus (Hamatocaulis) vernicosus, suirbhéanna ar mhadraí uisce, suirbhéanna ar an gCráifisc Liathdhonn, suirbhéanna ar mhoilisc, suirbhéanna ar éin póraithe agus éin gheimhrithe, agus suirbhéanna ar éisc.

Rinneadh na suirbhéanna le linn an tséasúir suirbhé ab fhearr do gach gabhdóir.

Tugadh faoi shuirbhéanna hidreolaíochta, lena n-áirítear monatóireacht ar chainníocht agus ar cháilíocht uisce le heolas a chur ar fáil do mheasúnú an NIS mar go dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair dobharcheantair/fo-dhobharcheantair a dhraenálann isteach i láithreáin Eorpacha.

Tugadh faoi staidéar hidrigeolaíoch le heolas a chur ar fáil do mheasúnú an NIS mar go dtrasnaíonn an fhorbairt bheartaithe bóthair roinnt dobharlach screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga bogaigh laistigh de láithreáin Eorpacha atá ag brath ar screamhuisce. Rinneadh oibreacha imscrúdúcháin sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 chun an timpeallacht gheolaíochta a thuiscint mar aon leis an mbail atá ar an talamh ag Cairéal Leacaigh.

# 5 An Bhunlíne atá ann faoi Láthair

Tá achoimre ar an timpeallacht éiceolaíochta, hidrigeolaíochta agus hidreolaíochta atá ann faoi láthair san áireamh thíos chun go bhféadfar tuiscint iomlán a fháil ar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus chun tuiscint a fháil ar conas a bhféadfadh na hiarmhairtí sin tionchar a imirt ar chuspóirí caomhnaithe na láithreán Eorpach.

## 5.1 Bunlíne Éiceolaíoch

### 5.1.1 Gnáthóga

Tá an-tionchar go deo ag an ngeolaíocht thíos fúthu ar an mbunlíne éiceolaíoch áitiúil, agus go háirithe ar na gnáthóga atá ann. Cloch eibhir atá faoin gcuid thiar den cheantar staidéir agus is gnáthóga portaigh na gnáthóga is coitianta. Ba iad na gnáthóga ba shuntasaí díobh sin na gnáthóga Iarscríbhinn I Fraochmhá Thirim [4030], Fraochmhá Fhliuch [4010], Móinéir Molinia [6410], Féarach ardtalún Nardus ina bhfuil flúirse speiceas [* 6230], Idirsheascainn [7140], Logáin Rhynchosporion [7150] agus Bratphortach [* 7230/7230][3].



[3] I gcás ina n-úsáidtear réiltín i gcomhar le cóid gnáthóg Iarscríbhinn I, léiríonn sé gur gnáthóg Iarscríbhinn I atá ann a dtugtar tosaíocht di

Aolchloch atá faoin gcuid thoir den cheantar staidéir agus is tailte féaraigh cailcreacha, coillearnach agus carraig lom aolchloiche an chuid is mó de na gnáthóga. Is minic a fhaightear bogaigh gar d'Abhainn na Gaillimhe agus do Loch Bhaile an Dúlaigh. Ba iad na gnáthóga talún ba shuntasaí a bhí anseo ná na gnáthóga Iarscríbhinn I Féarach cailcreach [*6210/6210], pábháil aolchloiche [*8240], móinéir féir ísealthalún [6510] agus Fuaráin chlochraithe [*7220]. Is mósáic iad sin ina bhfuil coillearnach leath-nádúrtha coll agus fuinseog i gceantar Mhionlaigh/Chúil Each a shíneann ó Abhainn na Gaillimhe chomh fada ó thuaidh le Coiréal Leacaigh. Is lochanna uisce crua Iarscríbhinn I [3180] iad Loch Chúil Each agus Loch Bhaile an Dúlaigh. I dteannta Abhainn na Gaillimhe, thacaigh na limistéir seo agus Abhainn na Gaillimhe le coimpléisc de bhogaigh éagsúla, lena n-áirítear gnáthóga Iarscríbhinn I Eanach Cladium [* 7210], Eanach alcaileach [7230], Luibheanna arda hidrifiliúla [6430] agus iarsmaí d'fhoraoisí gláracha [* 8240]. Taifeadadh go raibh Turlaigh [* 3180] ar fud an limistéir seo freisin.

Ullmhaíodh léarscáileanna na ngnáthóg de réir chóras aicmithe Fossitt agus aithníodh gnáthóga Iarscríbhinn I. Féach Roinn 5.1 den phríomh-NIS agus na Figiúirí ó 13.1 go 13.15 agus ó 14.1 go 14.15.

### 5.1.2 Speicis Flóra agus Fána

Tacaíonn an ceantar áitiúil le raon éagsúil de speicis fhlóra agus fána lena n-áirítear speicis QI ar láithreáin cSAC in aice láimhe (m.sh. an madra uisce, an Bradán Atlantach, an loimpre shrutháin agus an loimpre mhara) agus speicis éan na láithreán sin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo (SCI) agus a bhfuil Leas Speisialta Caomhnaithe ag baint leo sna láithreáin SPA in aice láimhe, mar atá leagtha amach i Roinn 5.4 den phríomh-NIS.

Suíomh tábhachtach áitiúil é Loch Bhaile an Dúlaigh d'éin gheimhridh agus tacaíonn sé le go leor speiceas éan atá liostaithe mar SCI de SPA Loch Coirib agus/nó de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

### 5.1.3 Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha

Tá trí cinn de speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha ann atá liostaithe sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um Éin agus um Ghnáthóga agus atá le fáil laistigh den fhorbairt bheartaithe bóthair nó gar di. An Ghlúineach bhiorach Fallopia japonica, An Róslabhras Rhododendron ponticum agus Glúineach spíceach na Himiléithe Persicaria wallichii. Is i gCampas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an t-aon áit gar do Láithreán Eorpach (cSAC Loch Coirib) ina bhfuil an ghlúineach bhiorach ag fás. Féach ar Roinn 5.5 den phríomh-NIS agus ar na Figiúirí ó 13.1 go 13.5 chun sonraí breise a fháil.

### 5.1.4 Láithreáin Eorpacha


Tá go leor Láithreán Eorpach sna ceantair áitiúla agus sna ceantair mórthimpeall. Is é cSAC Loch Coirib an t-aon láithreán Eorpach a bheidh á thrasnú ag an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Tá SPA Loch Coirib c200m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ag Baile an Cheantaigh, thart faoi 70m uaidh i Mionlach agus tá sé ceangailte leis tríd an ngréasán draenála uisce dromchla atá ann faoi láthair i mBaile an Cheantaigh. Tá cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe suite thart faoi 160m ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ag Bearna. Tá SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh suite ó dheas freisin den fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Bearna (thart faoi 1.1km uaidh). Tá an dá láithreán Eorpach seo ceangailte leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe leis an ngréasán sruthchúrsaí a dhraenálann isteach i gCuan na Gaillimhe. Tá gach láithreán Eorpach eile níos faide ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Féach ar Roinn 5.6 an phríomh-NIS agus ar Fhigiúr 12 chun sonraí breise a fháil.

## 5.2 An Bhonnlíne Hidrigeolaíochta

Téann an fhorbairt bóithre atá beartaithe thar, nó beidh sé gar do, roinnt dobharlach screamhuisce (GWB) a gcuireann cuireann gach ceann acu screamhuisce ar fáil do shuíomh Eorpacha amháin nó níos mó.

Fuarthas amach sna staidéir hidregeolaíochta mar gheall ar dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe deartha nach bhféadfaidh sí difear a dhéanamh do ghnáthóga laistigh de cSAC Loch Coirib atá ag brath ar screamhuisce ach amháin nuair a idirghníomhaíonn sé leis na dobharlaigh screamhuisce seo a leanas a chuireann screamhuisce ar fáil don cSAC mar a thaispeántar ar Phláta 3 thíos:




**Pláta 3:** Idirghníomhaíocht Hidrigeolaíochta

- Dobharlach screamhuisce Loch an Rois atá suite idir an N59, Bóthar Mhaigh Cuilinn agus Abhainn na Gaillimhe
- Dobharlach screamhuisce (GWB) Eanach Loch Coirib 1 (Mionlach) atá suite idir Abhainn na Gaillimhe agus an bealach chuig Tollán Leacaigh ón taobh thiar. Cuireann an dobharlach seo screamhuisce ar fáil d'Abhainn na Gaillimhe agus d'Fhuarán thiar Chúil Each a sholáthraíonn uisce go Lochanna Chúil Each.
- Soláthraíonn dobharlach Eanach 2 Loch Coirib atá suite idir an fhorbairt bheartaithe bóthair agus Loch Coirib screamhuisce d'Abhainn na Gaillimhe.
- Síneann an fhorbairt bóthair atá beartaithe thar dobharlach Abhainn an Chláir-Abhainn na Gaillimhe idir Cairéal Leacaigh agus an N83, Bóthar Thuama[4]. Cuireann an dobharlach seo screamhuisce ar fáil d'Abhainn na Gaillimhe agus d'Abhainn Thír Oileáin a dhraenálann isteach in Abhainn na Gaillimhe. Soláthraíonn an dobharlach screamhuisce seo uisce freisin d'Fhoinse Thoir Chúil Each a sholáthraíonn uisce do Lochanna Chúil Each. Cé go bhfuil coimpléasc bogaigh Loch Bhaile an Dúlaigh suite laistigh den GWB seo, tá sé suas an fhána ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ní féidir leis an bhforbairt difear a dhéanamh don chóras screamhuisce ansin.
- Mar gheall ar an chaoi a bhfuil an t-uiscíoch deighilte ag gleannta adhlactha/paileacharstacha, tá an screamhuisce in Eanach Loch na Coiribe 1 (Leacach) srianta den chuid is mó. Mar gheall ar an gcré thiubh atá thíos faoin dromchla níl aon urscaoileadh le tabhairt faoi deara ón mbuncharraig aolchloiche go Fuarán Chúil Each thoir agus coisceann an deighilt urscaoileadh chuig fuarán Chúil Each thiar. Ina áit sin, is dócha go dtéann sreabhadh screamhuisce ó Eanach Loch Coirib 1 (Leacach) i dtreo choiréal Leacaigh le linn buaicphointí an screamhuisce.

## 5.3 An Bhonnlíne Hidreolaíochta

Is iad seo a leanas na sruthchúrsaí a bheidh á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe (ón iarthar go dtí an t-oirthear) Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí, Sruthán Bhearna, Sruthán Thóin na Brocaí, Sruthán Cnoc na Cathrach agus Abhainn na Gaillimhe. Rithfidh an Fhorbairt Bhóthair atá beartaithe gar do chóras dhá loch: Locha Chúil Each agus Loch Bhaile an Dúlaigh (scaoilfidh cuid den líonra draenála bóthair uisce isteach i Loch Bhaile an Dúlaigh).

Tá Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each suite laistigh de cSAC Loch Coirib agus sileann an t-uisce uathu isteach i gCuan na Gaillimhe. Is laistigh de SPA Loch Coirib atá cuid d'Abhainn na Gaillimhe a scaoileann an córas draenála uisce isteach inti. Sileann an t-uisce ó na sruthchúrsaí eile go léir isteach i gCuan na Gaillimhe, agus dá bharr sin isteach i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Taispeántar na dobharcheantair dhraenála atá á dtrasnú ag an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhFigiúir 11.1 agus 11.2 laistigh den NIS.



[4] A dtugtaí an N17, Bóthar Thuama air.

# 6 Láithreáin Eorpacha laistigh de Chrios Tionchar na Forbartha Bóthair atá beartaithe

Rinneadh anailís agus measúnú ar an bhforbairt bheartaithe bóthair (lena n-áirítear, an dearadh beartaithe, modheolaíochtaí tógála agus éifeachtaí oibríochtaí) chun na tionchair fhéideartha a aithint a bhféadfadh a bheith aici ar aon suíomh Eorpach. Tá na tionchair fhéideartha sin liostaithe sna Ranna ó 7 go 10 thíos, féach freisin ar Roinn 6 den phríomh-NIS.

Ar bhunús na n-iarmhairtí féideartha a shainaithníodh, sainíodh an Crios Tionchair éiceolaíochta (ZoI) .i. an limistéar ina bhféadfadh an fhorbairt bhóthair beartaithe tionchar a imirt ar an timpeallacht éiceolaíoch. Féach ar Roinn 7 den phríomh-NIS agus ar Phláta 4.


Ag féachaint do ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe agus ag cur san áireamh foinsí agus bealaí iarmharta féideartha a nascann an fhorbairt bhóthair atá beartaithe le láithreán Eorpach amháin nó níos mó, i bhfianaise cuspóirí caomhnaithe an láithreáin Eorpaigh nó na láithreán Eorpach aithníodh na cinn a bhféadfadh a bheith i mbaol.

Aithníodh na ceithre láithreán Eorpacha seo a leanas:

- cSAC Loch Coirib
- cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe
- SPA Loch Coirib
- SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh

Tá gach láithreán Eorpach eile suite lasmuigh den ZoI agus mar sin níl siad i mbaol ón bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Léirítear sna Ranna ó 7 go 10 thíos an chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag na forbairtí bóthair atá beartaithe ar chuspóirí caomhnaithe gach ceann de na suíomhanna Eorpacha seo, trína n-iarmhairtí aitheanta agus a ZoIanna sainithe, sa chaoi go ndéanfadh siad difear do chuspóirí caomhnaithe láithreáin Eorpaigh agus drochthionchar a imirt ar shláine an láithreáin sin. Nuair a aithnítear tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chuspóirí caomhnaithe láithreáin Eorpaigh, nó Láithreacha Eorpacha, moltar bearta maolaithe lena chinntiú nach bhféadfaidh aon éifeachtaí den sórt sin a bheith ann. Nuair a bheidh na bearta maolaithe curtha i bhfeidhm aithneofar na tionchair iarmharacha chun teacht ar chonclúid cibé an mbeidh drochthionchar ag an bhforbairt bhóthair atá beartaithe ar shláine láithreáin Eorpaigh, nó láithreacha Eorpacha.




**Pláta 4:** ZoI na Forbartha beartaithe Bóthair agus na suíomhanna Eorpacha[5]

[5]Taispeántar an maolán 15km chun comhthéacs spáis a sholáthar ach ní raibh tionchar aige ar shainiú an ZoI

# 7 Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha ar cSAC Loch Coirib

## 7.1 An Bhonnlíne

Suíomh mór breis agus 20,500ha is ea cSAC Loch Coirib, agus tá achar thart ar 18,240ha i Loch Coirib féin. Roghnaítear an suíomh de bharr réimse cineálacha gnáthóg locha, bogaigh agus talún Iarscríbhinn I agus raon de speicis plandaí agus ainmhithe Iarscríbhinn II a dtacaíonn na gnáthóga sin leo.

Liostaítear thíos QIanna cSAC Loch Coirib laistigh den ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe:

**[3140]** Lochanna uisce crua

**[*6210/6210]** Féarach cailcreach

**[6410]** Móinéir *Molinia*

**[*7210]** Eanach *Cladium*

**[7230]** Eanaigh alcaileacha

**[*8240]** pábháil aolchloiche

**[1029]** Diúilicín Péarla Fionnuisce

**[1095]** an loimpre mhara

**[1096]** an loimpre shrutháin

**[1106]** Bradán an Atlantaigh (i bhfionnuisce amháin)


**[1355]** An Madra Uisce

Téann an fhorbairt bhóthair atá beartaithe tríd an chuid theas de cSAC Loch Coirib, idir coimpléisc na mbogach ag Cúl an Oileáin agus Tóin an Churraigh agus Cathair na Gaillimhe. Tá éagsúlacht mhór gnáthóga ann ar fud an limistéir seo, lena n-áirítear na gnáthóga QI Iarscríbhinn I seo a leanas (agus gnáthóga Tosaíochta Iarscríbhinn I) cSAC Loch Coirib: [3140] Lochanna uisce crua, [* 6210/6210] Tailte féaraigh chailcraigh, [6410] Móinéir Molinia, [7210] Eanaigh Cladium, [* 7230] Eanaigh alcaileacha agus [* 8240] pábháil aolchloiche - féach Pláta 5 thíos.

Cuireann Abhainn na Gaillimhe atá cóngarach don fhorbairt bhóthair atá beartaithe gnáthóg thábhachtach ar fáil do speiceas QI, mar shampla bradán an Atlantaigh, an loimpre shrutháin agus an loimpre mhara, go háirithe ó chuireann sí bealach imirce ar fáil do bhradáin an Atlantaigh agus do na loimprí mara ón bhfarraige go dtí a limistéir sceite. Úsáideann madraí uisce (speiceas QI) bealach Abhainn na Gaillimhe sa réimse seo (cé nach raibh a bpoill nó suíomhanna scíthe gar don fhorbairt bhóthair atá beartaithe).

Is lochanna uisce crua QI Iarscríbhinn I iad Loch Chúil Each agus Loch Bhaile an Dúlaigh. Cuid lárnach de chuspóirí caomhnaithe an chineál seo gnáthóige i cSAC Loch Coirib is ea an coimpléasc bogaigh máguaird. Áirítear leis na gnáthóga seo féarthalamh fliuch, riasc giolcach, eanach agus fraochmhá fhliuch; tá cuid acu ar aon dul le gnáthóga Iarscríbhinn I agus d'iarsmaí foraoisí gláracha, eanach Cladium, eanach Alcaileach, Luibh ard Halladhífile, móinéir Molina, fraochmhá fhliuch agus bogaigh Idirthréimhseacha. Tacaíonn ionchuir screamhuisce (trí fhuaráin thoir agus thiar Chúil Each) agus sreabhadh ó phríomhbhealach Abhainn na Gaillimhe leis an leibhéal uisce agus leis an gcáilíocht uisce i Lochanna Chúil Each.

Mar a luadh i gCuid 2 thuas, trasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe cSAC Loch Coirib ag ceithre shuíomh.[6] Beidh thart faoi 4.8ha de theorainn na forbartha beartaithe laistigh den láithreán Eorpach sin (thart faoi 0.6ha os cionn Thollán Leacaigh agus thart faoi 0.5ha faoi Dhroichead Abhainn na Gaillimhe)




**Pláta 5:** An fhorbairt bhóthair atá beartaithe agus forbhreathnú ar ghnáthóga Iarscríbhinn I i gcomharsanacht cSAC Loch Coirib (féach freisin ar na Figiúirí ó 14.1 go 14.5)

[6] Is éard a thugtar ar mhéid na dtailte a shealbhófar go héigeantach le haghaidh tógáil agus oibriú na forbartha beartaithe bóthair ná teorainn na forbartha atá beartaithe.

## 7.2 Potential Impacts

D'fhéadfadh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe (in éagmais bearta maolaithe) tionchar a bheith aici ar ghnáthóga agus speicis QI laistigh de cSAC Loch Coirib, trí na tionchair seo a leanas:

- Caillfear go díreach an phábháil aolchloiche agus an ghnáthóg féaraigh chailcrigh ar an taobh thiar de Lochanna Chúil Each
- Caillteanas/damáiste do phábháil aolchloiche agus gnáthóg féaraigh chailcrigh os cionn, nó cóngarach do, Thollán Leacaigh agus na bealaí chuige le linn na tógála (trí thionchar a imirt ar shláine struchtúrach na gcarraigeacha tacaíochta)
- Tionchar a imirt ar shreabhadh screamhuisce nó ar cháilíocht screamhuisce le linn thógáil nó oibriú an tolláin a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar ghnáthóga atá ag brath ar screamhuisce Is é an rud is tábhachtaí fós, má bhíonn tionchar ag rud éigin ar dhobharlach Eanach Loch na Coiribe 1 (Mionlach) nó ar dhobharlach Abhainn an Chláir-Abhainn na Coiribe(Tír Oileáin) d'fhéadfaí difear a dhéanamh don réimeas screamhuisce a sholáthraíonn uisce do Lochanna Chúil Each (m.sh. le linn tógáil Thollán Leacaigh agus i rith suiteáil piléar tacaíochta tharbhealach Mhionlaigh atá beartaithe).
- Tionchar ar chaighdeán an uisce sna sruthchúrsaí glactha le linn tógála
- Tionchar ar ghnáthóga ag deannach a ghinfear le linn oibreacha tógála
- Speicis neamhdhúchasacha ionracha a thabhairt isteach nó a scaipeadh
- Riosca báis a chruthú do speicis uisceacha nuair a bheidh Droichead Abhainn na Gaillimhe á thógáil
- Riosca mortlaíochta a chruthú do Mhadraí Uisce trí imbhuailtí le trácht ar bhóithre

D'fhéadfadh na tionchair fhéideartha seo difear a dhéanamdo na QIanna agus do chuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib mar atá léirithe sa tábla seo a leanas.

| Speiceas/Cineál Gnáthóige | Tionchar Féideartha ar chuspóirí caomhnaithe |
|---|---|
| **Lochanna uisce crua** | Dá mbeadh tionchar ar chaighdeán an uisce i Lochanna Chúil Each agus/nó dá ndéanfaí difear d'fheidhmiú an chórais hidrigeolaíochta atá ann d'fhéadfaí tionchar a imirt ar chaighdeán na gnáthóige, agus ar mhéid na ngnáthóg mórthimpeall sa chaoi go bhféadfaí stádas Iarscríbhinn I na gnáthóige a chur i mbaol. |
| ***Móinéir Molinia, eanach Cladium agus eanach Alcaileach*** | Dá mbeadh tionchar ar chaighdeán an uisce i Lochanna Chúil Each agus/nó dá ndéanfaí difear d'fheidhmiú an chórais hidrigeolaíochta atá ann d'fhéadfaí tionchar a imirt ar achar agus ar cháilíocht na ngnáthóg sin i cSAC Loch Coirib.<br><br>Dá dtabharfaí isteach nó dá scaipfí speicis neamhdhúchasacha ionracha d'fhéadfaí tionchar a imirt ar achar agus ar cháilíocht na ngnáthóg sin laistigh de cSAC Loch Coirib. |
| **Pábháil aolchloiche agus féarthalamh Cailcreach** | Cailliúint pábhála aolchloiche agus gnáthóige féaraigh chailcrigh laistigh de cSAC Loch Coirib, bíodh sé sin go díreach nó de thoradh tógáil Thollán Leacaigh (agus na bealaí chuige) agus tionchar aige sin ar shláine struchtúrach na gcarraigeacha tacaíochta.<br><br>Dá dtabharfaí isteach nó dá scaipfí speicis neamhdhúchasacha ionracha, agus/nó dá scaipfí deannach le linn tógála d'fhéadfaí tionchar a imirt ar achar agus ar cháilíocht na pábhála aolchloiche agus/nó gnáthóg féaraigh chailcrigh i cSAC Loch Coirib. |
| **An Madra Uisce** | Dá n-athrófaí caighdeán an uisce i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe le linn na tógála d'fhéadfadh tionchar a bheith aigesin ar chaighdeán gnáthóg na Madraí Uisce agus ar líon na n-iasc (flúirse chreiche). D'fhéadfaí Madraí Uisce a mharú nuair a bheidh Droichead Abhainn na Gaillimhe á thógáil agus á oibriú sa chaoi go mbeadh níos lú acu ann. |
| **An loimpre mhara, an loimpre shrutháin, bradán an Atlantaigh** | Dá n-athrófaí caighdeán an uisce i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe le linn na tógála d'fhéadfadh tionchar a bheith aigesin ar chaighdeán, fairsinge nó infhaighteacht gnáthóg oiriúnach uisce i Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Loch Coirib.<br><br>D'fhéadfadh an riosca báis le linn tógáil Dhroichead na Gaillimhe a chinntiú go mbeadh níos lú acu ann. |
| **Diúilicín Péarla Fionnuisce** | Dá ndéanfaí dochar do chaighdeán an uisce in Abhainn na Gaillimhe agus/nó dá marófaí iad le linn oibreacha tógála chun droichead a chur thar an abhainn d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar líon na salmainidí. D'fhéadfadh éifeachtaí leantacha a bheith aige-sin ar an líon QI san Abhainn Ruibhe toisc gur gné thábhachtach iad speicis iasc salmainide i saolré na ndiúilicíní péarla Fionnuisce. |

## 7.3 Mitigation measures

Cuirfear na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm, faoi mhaoirseacht Éiceolaí an Tionscadail (a bheidh fostaithe ag an bhFostóir) agus Cléireach na nOibreacha Éiceolaíocha (a bheidh fostaithe ag an gConraitheoir), lena chinntiú nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear do chuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib:

- Déanfar an phábháil aolchloiche agus an ghnáthóg féaraigh chailcrigh atá laistigh den teorainn forbartha atá beartaithe agus de cSAC Loch Coirib a chosaint le linn na tógála agus a choinneáil. Ní thógfar fálta buana in áiteanna gnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib chun gnáthóga a chosaint ó dhochar buan agus lena chinntiú nach gcuirfear srian le hainmhithe a bheith ag iníor.
- Forbraíodh modheolaíocht mhionsonraithe tógála agus straitéis mhonatóireachta le haghaidh na hoibreacha atá beartaithe ar Thollán Leacaigh lena chinntiú nach ndéanfaidh na hoibreacha foirgníochta difear do shláine struchtúrach na buncharraige aolchloiche atá thíos faoin bpábháil aolchloiche agus faoi na gnáthóga féaraigh chailcrigh i cSAC Loch Coirib
- Forbraíodh bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad lena chinntiú nach ndéanfar difear do na cúrsaí screamhuisce reatha le linn na tógála nó oibríochta sna dobharlaigh screamhuisce a bheidh á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ar aithníodh go dtacaíonn siad le gnáthóga atá ag braith ar screamhuisce laistigh de cSAC Loch Coirib
- Forbraíodh bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad lena chinntiú go ndéantar cáilíocht uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe
- Forbraíodh bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad lena chinntiú go ndéanfar an deannach a ghinfear i rith na tógála a rialú agus a choinneáil chun aon éifeachtaí ar ghnáthóga nó ar speicis QI cSAC Loch Coirib a sheachaint
- Cinnteoidh an plean bainistíochta speiceas ionrach neamhdhúchasach a forbraíodh sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe go ndéanfar speicis ionracha neamhdhúchasacha plandaí a rialú agus nach dtógfar isteach iad i cSAC Loch Coirib mar thoradh ar ghníomhaíochtaí tógála agus oibríochta a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe
- Forbraíodh bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad lena chinntiú nach ligfear ábhair thógála isteach in Abhainn na Gaillimhe de thimpiste le linn tógála
- Chun nach maróidh an trácht ar an mbóthar madraí uisce cuirfear fálú a bheidh díonach ar mhamaigh ar fáil i láithreacha ard-riosca lena chinntiú nach féidir leis na madraí uisce dul amach ar an mbótharbhealach

## 7.4 Tionchair Iarmharacha agus Conclúid

Maidir leis na bearta maolaithe chun gnáthóga QI a chosaint, chun an charraig os cionn agus in aice le hoibreacha ar Thollán Leacaigh a chosaint, chun an timpeallacht hidreolaíochta agus hidrigeolaíochta a chosaint, chun an deannach a rialú le linn na tógála, chun speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha a rialú agus a chosc ó scaipeadh , agus chun nach gcruthóidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe riosca mortlaíochta do speicis uisceacha in Abhainn na Gaillimhe, cinnteoidh siad sin nach ndéanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe difear do chuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib.

**Mar thoradh ar scrúdú, anailís agus measúnú a rinneadh, bunaithe ar an eolas ar eolaíocht is fearr, faoi na sonraí ábhartha ar fad faoi ghnáthóga agus speicis QI cSAC Loch Coirib laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, na tionchair fhéideartha agus céimeanna maolúcháin, agus cibé acu go gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh na tionchair thuartha isteach ar na cuspóirí caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na QIanna atá i gceist, tá tátal bainte as nach mbaineann riosca leis an bhforbairt bheartaithe bóthair go ndéanfaí dochar (go díreach nó go hindíreach) do shláine cSAC Loch Coirib agus ní bhaineann aon amhras réasúnach eolaíoch leis an tátal sin.**

# 8 Ní théann an fhorbairt bóthair atá Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha ar cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe

## 8.1 An Bhonnlíne

Is suíomh ollmhór mara é cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe a bhfuil os cionn 14,400ha ann a chlúdaíonn an chuid istigh de Chuan na Gaillimhe ó Chuan an Roisín in aice le Bearna (lena n-áirítear Coillte Bhearna) go Cuan Bhaile Uí Bheacháin i gContae an Chláir. Roghnaíodh an suíomh de bharr réimse gnáthóg agus speiceas talún, cósta agus mara de chuid Iarscríbhinn I atá ann. Cuimsíonn sé an chuid is mó de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh

Tá liosta thíos de QIanna cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe atá laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe:

**[1140]** Réileáin láibe taoide

**[*1150]** Murlaigh

**[1160]** Góilíní móra éadoimhne agus cuanta

**[1170]** Sceireacha

**[1220]** Fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha

**[1310]** Láibeanna *Salicornia*

**[1330]** Móinéir ghoirt an Atlantaigh

**[1410]** Móinéir ghoirt Mheánmhuirí

**[*6210/6210]** Féarach cailcreach

**[1355]** An Madra Uisce

**[1365]** An Rón beag

Ní théann an fhorbairt bóthair atá beartaithe thar cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe. Maidir le gach sruthchúrsa a rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe thairis, agus na dobharcheantair dhromchla go léir a scaoilfidh líonra draenála na forbartha bóthair atá beartaithe isteach iontu, draenálann siad go léir isteach i gCuan na Gaillimhe sa deireadh thiar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ar aon cheann de na gnáthóga talún QI nó de na gnáthóga QI mara/cósta atá nasctha leis na sruthchúrsaí laistigh den ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

## 8.2 Tionchair Fhéideartha

Toisc nach dtrasnaíonn an fhorbairt bhóthair atá beartaithe cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe, níl tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar aon cheann de na speicis QI, nó ar na gnáthóga a thacaíonn leo laistigh den cSAC.

D'fhéadfadh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe (in éagmais bearta maolaithe) tionchar a bheith aici ar ghnáthóga agus speicis QI laistigh de cSAC Chuan na Gaillimhe, trí na tionchair seo a leanas:

- Tionchar a imirt ar chaighdeán an uisce sna sruthchúrsaí glactha le linn tógála
- Speicis plandaí neamhdhúchasacha ionracha a thabhairt isteach nó a scaipeadh
- D'fhéadfadh lintéir nua madraí uisce a chosc i ndobharcheantar Shruthán Bhearna
- Riosca mortlaíochta a chruthú do Mhadraí Uisce trí imbhuailtí le trácht ar bhóithre

D'fhéadfadh na tionchair fhéideartha seo difear a dhéanamh do chuspóirí caomhnaithe na QIanna cSAC Loch Coirib mar atá léirithe sa tábla seo a leanas.

| Species/Habitat Type | Potential Impact to conservation objectives |
|---|---|
| **Réileáin láibe taoide, Murlaigh, Góilíní móra éadoimhne agus cuanta, Sceireacha, Fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha, Láib Salicornia, Móinéir ghoirt an Atlantaigh, Móinéir ghoirt Mheánmhuirí** | Dá mbeadh tionchar ar chaighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn na tógála d'fhéadfadh tionchar a bheith aigesin ar achar, ar dháileadh nó ar bhail na gcineálacha gnáthóg sin i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, agus ar na speicis a dtacaíonn siad leo. |
| **Féarach cailcreach** | D'fhéadfadh sé tarlú go bhféadfaí speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó a leathadh i gCuan an Roisín trí Shruthán Bhearna nó ar bhealach iompair an R336, agus go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar limistéir agus ar cháilíocht ghnáthóg féaraigh Chailcrigh laistigh de cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe. |
| **An Madra Uisce** | Dá n-athrófaí caighdeán an uisce i Sruthán Bhearna agus i gCuan na Gaillimhe le linn na tógála d'fhéadfadh tionchar a bheith aigesin ar chaighdeán gnáthóg na Madraí Uisce agus ar líon na n-iasc (flúirse chreiche). D'fhéadfaí Madraí Uisce a mharú nuair a bheidh Droichead Abhainn na Gaillimhe á thógáil agus á oibriú sa chaoi go mbeadh níos lú acu ann. |
| **An rón beag** | Dá n-athrófaí caighdeán an uisce i gCuan na Gaillimhe le linn na tógála d'fhéadfadh tionchar a bheith aigesin ar láithreáin pórúcháin na rónta beaga agus ar na háiteanna a dtagann siad i dtír. |

## 8.3 Bearta Maolaithe

Cuirfear na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm, faoi mhaoirseacht Éiceolaí an Tionscadail (a bheidh fostaithe ag an bhFostóir) agus Chléireach na nOibreacha Éiceolaíocha (a bheidh fostaithe ag an gConraitheoir), lena chinntiú nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear do chuspóirí caomhnaithe cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe trí aon cheann de na tionchair fhéideartha:

- Forbraíodh bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad lena chinntiú go ndéantar cáilíocht uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe
- Cinnteoidh an plean bainistíochta speiceas ionrach neamhdhúchasach a forbraíodh sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála don fhorbairt bhóthair atá beartaithe go ndéanfar speicis ionracha neamhdhúchasacha plandaí a rialú agus nach dtógfar isteach iad i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe mar thoradh ar ghníomhaíochtaí tógála agus oibríochta a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe
- Cuirfear leaca nó íosbhealaí do mhadraí uisce, mar aon le fálú a bheidh díonach ar mhamaigh ar fáil ag Sruthán Bhearna (C04/01) agus ag Sruthán Thóin na Brocaí (C04/02) lena chinntiú nach gcuirfidh na lintéir bac ar ghluaiseacht mhadraí uisce agus chun cosc a chur le marú madraí uisce trína chinntiú nach féidir leo dul amach ar an mbótharbhealach

## 8.4 Tionchair Iarmharacha agus Conclúid

Maidir leis na bearta maolaithe chun an timpeallacht hidreolaíochta a chosaint, agus chun speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha a rialú agus a chosc ó scaipeadh, agus chun nach gcruthóidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe bac le gluaiseacht madraí uisce is nach gcruthóidh sí riosca báis dóibh i gCuan na Gaillimhe, cinnteoidh na bearta sin nach ndéanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe difear do chuspóirí caomhnaithe cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

**Mar thoradh ar scrúdú, anailís agus measúnú a rinneadh, bunaithe ar an eolas ar an eolaíocht is fearr, faoi na sonraí ábhartha ar fad faoi ghnáthóga agus speicis QI cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, na tionchair fhéideartha agus céimeanna maolúcháin, agus cibé acu go gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh na tionchair thuartha isteach ar na cuspóirí caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na QIanna atá i gceist, tá tátal bainte as nach mbaineann riosca leis an bhforbairt bheartaithe bóthair go ndéanfaí dochar (go díreach nó go hindíreach) do shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus ní bhaineann aon amhras réasúnach eolaíoch leis an tátal sin.**

# 9 Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha ar SPA Loch Coirib

## 9.1 An Bhonnlíne

Is suíomh ollmhór os cionn 18,600ha é SPA Loch Coirib, ina bhfuil Loch Coirib féin, an chuid is mó dá oileáin, agus an chuid is mó den ghnáthóg bhogaigh atá thart faoi imeall an locha. Is láthair thábhachtach idirnáisiúnta é SPA Loch Coirib d'éin gheimhridh agus is suíomh tábhachtach náisiúnta é freisin do roinnt éan pórúcháin agus is é sin an bonn atá lena ainmniú mar SPA.

Tá liosta thíos de na láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo laistigh de SPA Loch Coirib laistigh den ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe:

**[A179]** An sléibhín – Pórú/Éan geimhridh

**[A182]** An faoileán bán - Pórú/Éan geimhridh

**[A193]** An gheabhróg – Pórú

**[A125]** An chearc cheannann - Éan geimhridh

**[A140]** An fheadóg bhuí - Éan geimhridh

**[A082]** Cromán na gCearc - Éan geimhridh

**[A056]** An Spadalach - Éan geimhridh

**[A061]** A Lacha bhadánach - Éan geimhridh

**[A999]** Bogaigh agus Éin Uisce - gnáthóga bogaigh ag Cúl an Oileáin

Ní théann an fhorbairt bóthair atá beartaithe thar SPA Loch Coirib. Mar sin féin, tá limistéir de ghnáthóg bhogaigh laistigh de SPA Loch Coirib ag Tóin an Churraigh agus ag Cúl an Oileáin nach bhfuil ach thart faoi 60m ó thuaidh ón bhforbairt bhóthair atá beartaithe ag Sráidbhaile Mhionlaigh - mósáic bhogaigh is ea é atá comhdhéanta de ghnáthóga phortaigh, fraochmhá, riasc giolcach, riasc agus féarach fliuch. Ina theannta sin, taifeadadh go leor speiceas éan a liostaítear mar SCIanna de SPA Loch Coirib le linn na suirbhéanna ar éanlaithe pórúcháin agus geimhridh ag suíomhanna ar fud an cheantair áitiúil, tamall maith ón SPA, agus beidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chuid acu. Is iad na cineálacha gnáthóg a bhaineann leis na suíomhanna sin ná lochanna nádúrtha nó leath-nádúrtha agus coimpléisc bhogaigh (Loch Bhaile an Dúlaigh, Lochanna Chúil Each agus Loch Inse), Abhainn na Gaillimhe, agus mósáicí ardtailte ina bhfuil limistéir ó phortaigh, móintigh agus féarach fliuch agus aigéid, go gnáthóga feabhsaithe agus gnáthóga atá á mbainistiú go dian ar nós réimsí talmhaíochta agus limistéir áineasa. Suíomh tábhachtach áitiúil é Loch Bhaile an Dúlaigh d'éin gheimhridh agus tacaíonn sé le go leor speiceas éan atá liostaithe mar SCIanna SPA Loch Coirib.

## 9.2 Tionchair Fhéideartha

Toisc nach rachaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe thar SPA Loch Coirib ní bheidh aon tionchar díreach aige orthu ná ar na gnáthóga a thacaíonn leo laistigh den SPA.

D'fhéadfadh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe (in éagmais bearta maolaithe) tionchar a bheith aici ar ghnáthóga agus speicis éan QI laistigh de SPA Loch Coirib, nó sa limistéar mórthimpeall trí na tionchair seo a leanas:

- Tionchar a imirt ar chaighdeán an screamhuisce ag láithreáin bhogaigh a úsáideann speicis éin gheimhridh SCI lasmuigh de SPA Loch Coirib le linn tógála/oibríochta
- Tionchar a imirt ar chaighdeán an uisce dromchla sa timpeallacht ghlactha fionnuisce le linn na tógála
- D'fhéadfadh pléascadh fadtéarmach idir Cairéal Leacaigh agus an N83, Bóthar Thuama le linn na tógála speicis éan atá liostaithe mar SCI a ruaigeadh ó Loch Bhaile an Dúlaigh ar feadh shéasúr geimhridh amháin nó níos m

D'fhéadfadh na tionchair fhéideartha seo difear a dhéanamh do chuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib mar atá léirithe sa tábla seo a leanas.

| Speiceas/Cineál Gnáthóige | Tionchar Féideartha ar chuspóirí caomhnaithe |
|---|---|
| **An Spadalach, An lacha bhadánach, An chearc cheannann, An fheadóg bhuí, An sléibhín, An faoileán bán, An gheabhróg** | D'fhéadfadh tionchar a bheith ag caighdeán uisce dromchla nó screamhuisce i suíomhanna bogaigh a úsáideann speicis SCI difear a dhéanamh do chineál, do chaighdeán agus d'achar na gnáthóige bogaigh atá ar fáil chun tacú le líon speiceas an SPA.<br><br>Dá ndéanfaí éin gheimhridh SCI a ruaigeadh ó ghnáthóg bhogaigh ag Loch Bhaile an Dúlaigh d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar líon na n-éan a fhanann beo agus ar líon na n-éan trí laghdú a dhéanamh ar líon agus réimse na limistéar atá ar fáil d'éin gheimhridh an SPA. |
| **Bogaigh** | D'fhéadfadh tionchar a bheith ag caighdeán uisce dromchla nó screamhuisce i suíomhanna bogaigh a úsáideann speicis SCI difear a dhéanamh do chineál, do chaighdeán agus d'achar na gnáthóige bogaigh atá ar fáil chun tacú le líon speiceas an SPA. |

## 9.3 Bearta Maolaithe

Cuirfear na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm, faoi mhaoirseacht Éiceolaí an Tionscadail (a bheidh fostaithe ag an bhFostóir) agus Chléireach na nOibreacha Éiceolaíocha (a bheidh fostaithe ag an gConraitheoir), lena chinntiú nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear do chuspóirí caomhnaithe SPA Loch Coirib:

- Forbraíodh bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad lena chinntiú nach ndéanfar difear do na cúrsaí screamhuisce atá ann faoi láthair le linn na tógála nó oibríochta sna dobharlaigh screamhuisce a bheidh á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe
- Forbraíodh bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad lena chinntiú go ndéantar cáilíocht uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe
- Cuirfear srianta séasúracha i bhfeidhm maidir le pléascadh i gcomharsanacht Loch Bhaile an Dúlaigh, chun éifeachtaí suaite/díláithrithe ar éin gheimhridh a íoslaghdú

## 9.4 Tionchair Iarmharacha agus Conclúid

Maidir leis na bearta maolaithe chun an timpeallacht ghlactha hidreolaíoch agus hidrigeolaíoch a chosaint agus chun éifeachtaí suaite/díláithrithe na n-oibreacha bleaisteála ar éin gheimhridh a baineann úsáid as Loch Bhaile an Dúlaigh a laghdú nó a sheachaint, cinnteoidh siad nach gcuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach ar chuspóirí caomhnaithe SPA Loch Coirib.

**Mar thoradh ar scrúdú, anailís agus measúnú a rinneadh, bunaithe ar an eolas ar eolaíocht is fearr, faoi na sonraí ábhartha ar fad faoi ghnáthóga agus speicis éan SCI agus na gnáthóga a thacaíonn leo, de chuid SPA Loch Coirib laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, na tionchair fhéideartha agus céimeanna maolúcháin, agus cibé acu go gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh na tionchair thuartha isteach ar na cuspóirí caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na láithreán a bhfuil tábhacht Chomhphobail ag baint leo, tá sé bainte de thátal as nach mbaineann riosca leis an bhforbairt bheartaithe bóthair go ndéanfaí dochar (go díreach nó go hindíreach) do shláine SPA Loch Coirib agus ní bhaineann aon amhras réasúnach eolaíoch leis an tátal sin.**

# 10 Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Fhéideartha ar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh

## 10.1 An Bhonnlíne

Is suíomh ollmhór mara é cSAC Chuan na Gaillimhe Laistigh a bhfuil os cionn 13,260ha, ann a chlúdaíonn an chuid istigh de Chuan na Gaillimhe ó Chuan an Roisín in aice le Bearna go Cuan Eachinse i gContae an Chláir. Is láthair thábhachtach idirnáisiúnta é SPA Loch Coirib d'éin gheimhridh agus is suíomh tábhachtach náisiúnta é freisin do roinnt éan pórúcháin agus is é sin an bonn atá lena ainmniú mar SPA.

Liostaítear thíos na láithreán a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo atá suite i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus atá laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe:

**[A157]** An guilbneach stríocearrach - Éan geimhridh

**[A179]** An sléibhín – Éan geimhridh

**[A182]** An faoileán bán - Éan geimhridh

**[A193]** An gheabhróg – Pórú

**[A017]** An broigheall - Pórú/Éan geimhridh

**[A160]** An Crotach - Éan geimhridh

**[A149]** An bhreacóg - Éan geimhridh

**[A140]** An fheadóg bhuí - Éan geimhridh

**[A003]** An lóma mór - Éan geimhridh

**[A028]** An chorr réisc liath - Éan geimhridh

**[A142]** An pilibín - Éan geimhridh

**[A046]** An cadhan - Éan geimhridh

**[A069]** An tsíolta rua - Éan geimhridh

**[A162]** An cosdeargán - Éan geimhridh

**[A137]** An fheadóg chladaigh - Éan geimhridh

**[A191]** An gheabhróg scothdhubh - Pórú

**[A056]** An Spadalach - Éan geimhridh

**[A052]** An phraslacha - Éan geimhridh

**[A169]** An piardálaí trá - Éan geimhridh

**[A050]** An lacha rua - Éan geimhridh

**[A999]** Bogaigh

Ní théann an fhorbairt bóthair atá beartaithe thar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. Tá Cuan na Gaillimhe níos faide thíos ó gach sruthchúrsa a rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe tharstu, agus a shilfidh uisce ón mbóthar isteach iontu. Dá bhrí sin, tá gach speiceas éan SCI de chuid SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, agus na gnáthóga bogaigh agus mara a thacaíonn leo, laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe agus dá bhrí sin d'fhéadfaí tionchair a imirt orthu.

Ina theannta sin, taifeadadh go leor speiceas éan a liostaítear mar SCIanna de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh le linn na suirbhéanna ar éanlaithe pórúcháin agus geimhridh ag suíomhanna ar fud an cheantair áitiúil, agus lasmuigh den SPA, agus beidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chuid acu. Is iad na cineálacha gnáthóg a bhaineann leis na suíomhanna sin ná lochanna nádúrtha nó leath-nádúrtha agus coimpléisc bhogaigh (Loch Bhaile an Dúlaigh, Lochanna Chúil Each agus Loch Inse), Abhainn na Gaillimhe, agus mósáicí ardtailte ina bhfuil limistéir ó phortaigh, móintigh agus féarach fliuch agus aigéid, go gnáthóga feabhsaithe agus gnáthóga atá á mbainistiú go dian ar nós réimsí talmhaíochta agus limistéir áineasa. Suíomh tábhachtach áitiúil é Loch Bhaile an Dúlaigh d'éin gheimhridh agus tacaíonn sé le go leor speiceas éan atá liostaithe mar SCIanna SPA Loch Coirib.

## 10.2 Tionchair Fhéideartha

Toisc nach rachaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe thar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh ní bheidh aon tionchar díreach aige ar speicis SCI ná ar na gnáthóga a thacaíonn leo laistigh den SPA.

D'fhéadfadh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe (in éagmais bearta maolaithe) tionchar a bheith aici ar ghnáthóga agus speicis éan SCI laistigh de SPA Loch Coirib, nó sa limistéar mórthimpeall trí na tionchair seo a leanas:

- Tionchar a imirt ar chaighdeán an screamhuisce ag láithreáin bhogaigh a úsáideann speicis éan geimhridh SCI lasmuigh de SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh le linn tógála/oibríochta
- Tionchar a imirt ar chaighdeán an uisce dromchla sa timpeallacht ghlactha fionnuisce le linn na tógála
- D'fhéadfadh pléascadh fadtéarmach idir Cairéal Leacaigh agus an N83, Bóthar Thuama le linn na tógála speicis éan atá liostaithe mar SCI a ruaigeadh ó Loch Bhaile an Dúlaigh ar feadh shéasúr geimhridh amháin nó níos mó

D'fhéadfadh na tionchair fhéideartha seo difear a dhéanamh do chuspóirí caomhnaithe cSAC Chuan na Gaillimhe Laistigh mar atá léirithe sa tábla seo a leanas.

| Speiceas/Cineál Gnáthóige | Tionchar Féideartha ar chuspóirí caomhnaithe |
|---|---|
| **An lóma mór, An cadhan, An tsíolta rua, An fheadóg chladaigh, An fheadóg bhuí, An bhreacóg, An cosdeargán, An piardálaí trá, An faoileán bán, An gheabhróg scothdhubh agus An gheabhróg** | D'fhéadfadh tionchar a bheith ag caighdeán uisce dromchla nó screamhuisce i suíomhanna bogaigh a úsáideann speicis SCI difear a dhéanamh do chineál, do chaighdeán agus d'achar na ngnáthóg bhogaigh atá ar fáil chun tacú le líon na speiceas san SPA. |
| **An lacha rua, An Spadalach, An pilibín, An guilbneach stríocearrach, An Crotach, An broigheall, An chorr réisc liath, An phraslacha agus An sléibhín** | D'fhéadfadh tionchar a bheith ag caighdeán uisce dromchla nó screamhuisce i suíomhanna bogaigh a úsáideann speicis SCI difear a dhéanamh do chineál, do chaighdeán agus d'achar na ngnáthóg bhogaigh atá ar fáil chun tacú le líon na speiceas san SPA. Dá ndéanfaí éin gheimhridh SCI a ruaigeadh ó ghnáthóg bhogaigh ag Loch Bhaile an Dúlaigh d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar líon na n-éan a fhanann beo agus ar líon na n-éan trí laghdú a dhéanamh ar líon agus réimse na limistéar atá ar fáil d'éin gheimhridh an SPA. |
| **Bogaigh** | D'fhéadfadh tionchar a bheith ag caighdeán uisce dromchla nó screamhuisce i suíomhanna bogaigh a úsáideann speicis SCI difear a dhéanamh do chineál, do chaighdeán agus d'achar na ngnáthóg bhogaigh atá ar fáil chun tacú le líon na speiceas san SPA. |

## 10.3 Bearta Maolaithe

Cuirfear na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm, faoi mhaoirseacht Éiceolaí an Tionscadail (a bheidh fostaithe ag an bhFostóir) agus Chléireach na nOibreacha Éiceolaíocha (a bheidh fostaithe ag an gConraitheoir), lena chinntiú nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear do chuspóirí caomhnaithe SPA Cuan na Gaillimhe Laistigh:

- Forbraíodh bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad lena chinntiú nach ndéanfar difear do na cúrsaí screamhuisce atá ann faoi láthair le linn na tógála nó oibríochta sna dobharlaigh screamhuisce a bheidh á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe
- Forbraíodh bearta maolaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad lena chinntiú go ndéantar cáilíocht uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe
- Cuirfear srianta séasúracha i bhfeidhm maidir le pléascadh i gcomharsanacht Loch Bhaile an Dúlaigh, chun éifeachtaí suaite/díláithrithe ar éin gheimhridh a íoslaghdú

## 10.3 Bearta Maolaithe

Maidir leis na bearta maolaithe chun an timpeallacht ghlactha hidreolaíochta agus hidrigeolaíocha a chosaint agus chun éifeachtaí suaite/díláithrithe na n-oibreacha bleaisteála ar éin gheimhridh a baineann úsáid as Loch Bhaile an Dúlaigh a laghdú nó a sheachaint, cinnteoidh siad nach gcuirfidh an fhorbairt bheartaithe bóthair isteach ar chuspóirí caomhnaithe SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

**Mar thoradh ar scrúdú, anailís agus measúnú a rinneadh, bunaithe ar an eolas ar eolaíocht is fearr, faoi na sonraí ábhartha ar fad faoi speicis éan na SCI go léir agus na gnáthóga a thacaíonn leo i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh atá laistigh de ZoI na forbartha beartaithe bóthair, na tionchair fhéideartha agus céimeanna maolúcháin, agus cibé acu go gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh na tionchair thuartha isteach ar na cuspóirí caomhantais a thacaíonn le bail chaomhantais na SCIanna lena mbaineann, tá sé bainte de thátal as nach mbaineann riosca leis an bhforbairt bheartaithe bóthair go ndéanfaí dochar (go díreach nó go hindíreach) do shláine SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus ní bhaineann aon amhras réasúnach eolaíoch leis an tátal sin.**

# 11 Cumas maidir le hÉifeachtaí Comhcheangailte

Rinneadh measúnú ar na pleananna agus ar na tionscadail sin le féachaint an bhféadfadh siad oibriú in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe chun tionchar a imirt ar chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib, cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Ós rud é nach mbeidh tionchar ag an bhforbairt bhóthair atá beartaithe ar shláine cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib ná ar SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh de thoradh na cosanta a thugtar do shuíomhanna Eorpacha faoi na pleananna ábhartha úsáide talún, measadh nach bhféadfadh aon phleananna nó tionscadail oibriú i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun drochthionchar a imirt ar shláine aon láithreáin Eorpaigh. Féach ar Chuid 12 den príomh-NIS.

# 12 Conclúid an NIS

Scrúdaíodh agus rinneadh anailís san NIS seo, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr, maidir leis na suíomhanna Eorpacha sin laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, na foinsí tionchair agus na bealaí iarmharta féideartha, conas a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ghnáthóga QI na Láithreán agus ar QI/Speiceas SCI agus cibé an bhféadfadh drochthionchar a rabhthas á dtuar dul i gcionn ar shláine na láithreán Eorpach.

Leagtar amach modhanna seachanta, riachtanais deartha agus bearta maolaithe san NIS agus ina fhoscríbhinní agus cinnteoidh siad go seachnófar aon tionchar ar chuspóirí caomhnaithe láithreáin Eorpacha le linn tógáil agus oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe ionas nach mbeidh aon riosca ann d’éifeachtaí díobhálacha ar na suíomhanna Eorpacha sin.

Ba é an tátal oibiachtúil a bhí ag Scott Cawley Ltd tar éis scrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha, lena n-áirítear go háirithe nádúr na n-iarmhairtí tuartha ón bhforbairt bóthair atá beartaithe mar aon le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe atá beartaithe, nach bhfuil aon bhaol ann go bhféadfaigh an fhorbairt bhóthar atá beartaithe drochthionchar a imirt (go díreach nó go hindíreach) ar shláine aon láithreáin Eorpaigh, ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó le tionscadail eile, agus nach bhfuil aon amhras réasúnach eolaíoch ann maidir leis an gconclúid seo.

# Cairt Sreafa NIS do GCRR 1 an N6

| Cuid | Cur Síos |
|---|---|
| 1 | **Réamhrá** |
| 2 | **Cur síos ar an bhForbairt Bhóthair Mholta** |
| 3 | **Comhairliúcháin**<br>Achoimre ar na comhairliúcháin leis an NPWS agus Iascach Intíre Éireann |
| 4 | **Modheolaíocht**<br>Doiciméid treorach, foinsí sonraí deisce, modheolaíochtaí suirbhé éiceolaíochta, suirbhéanna hidrigeolaíocha agus hidreolaíocha agus modhanna monatóireachta, agus imscrúduithe geoiteicniúla |
| 5 | **Bunlíne Éiceolaíoch atá ann faoi láthair**<br>Cur síos ar an mbunlíne éiceolaíoch áitiúil, lena n-áirítear suíomhanna Eorpacha, agus forbhreathnú ar na sonraí bunlíne hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha áitiúla |
| 6 | **Tionchair Fhéideartha na Forbartha Bóthair Molta** |
| 7 | **Crios Tionchar na Forbartha Bóthair Molta**<br>An limistéar a shainiú ina bhféadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe difear a dhéanamh don timpeallacht glactha sa chaoi go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar suntasach aige ar ghnáthóga QI nó ar speicis QI/láithreán Eorpach a bhfuil tábhacht Chomhphobail ag baint leo |
| 8 | **Láithreáin Eorpacha laistigh de Chrios Tionchar na Fhorbartha Bóthair atá beartaithe** |
| 9 | **Scrúdú agus Anailís ar Thionchair Dhíreacha agus Indíreacha Féideartha ar Láithreáin Eorpacha** |
| 10 | **Riachtanais Dearaidh agus Bearta Maolaithe**<br>Bhí bearta deartha a cuireadh san áireamh, agus na bearta maolaithe atá riachtanach, chun leasanna cáilitheacha agus cuspóirí caomhnaithe na suíomhanna Eorpacha laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe a chosaint |
| 11 | **Tionchair Iarmharacha**<br>Éifeachtaí na forbartha bóthair atá beartaithe ar shuíomhanna Eorpacha i bhfianaise na mbeart maolaithe |
| 12 | **An chaoi a bhféadfadh éifeachtaí gníomhú i gcomhar le chéile**<br>Rinneadh an measúnú chun scrúdú a dhéanamh an bhféadfadh pleananna nó tionscadail eile gníomhú i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun tionchar a imirt ar chuspóirí caomhnaithe aon láithreán Eorpach |
| 13 | **Conclúid an NIS** |

**Fo-chuideanna** (9)

| | |
|---|---|
| 9.4 | **SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh**<br>Scrúdú agus anailís ar na hiarmhairtí féideartha ar na láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo agus ar a gcuspóirí caomhantais |
| 9.3 | **SPA Loch Coirib**<br>Scrúdú agus anailís ar na hiarmhairtí féideartha ar na láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo agus ar a gcuspóirí caomhantais |
| 9.2 | **Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe**<br>Scrúdú agus anailís ar na hiarmhairtí féideartha ar na láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo agus ar a gcuspóirí caomhantais |
| 9.1 | **Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Loch Coirib**<br>Scrúdú agus anailís ar na hiarmhairtí féideartha ar na láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo agus ar a gcuspóirí caomhantais |

**Fo-chuideanna** (11)

| | |
|---|---|
| 11.1 | **Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Loch Coirib** |
| 11.2 | **Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe** |
| 11.3 | **SPA Loch Coirib** |
| 11.4 | **SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh** |